**Chun gach Comhalta:**
**To each Member:**

**Achoimre ar nithe a bhaineann le Comhaltaí tar éis lánscor na Dála**

Sna Treoirlínte maidir le Lánscor atá i gceangal leis seo, leagtar amach socruithe mionsonraithe a mbeidh feidhm acu maidir le liúntais agus saoráidí tar éis an 31ú Dáil a lánscor. Tá tuilleadh cóipeanna ar fáil ón Siopa Ilfheidhme. Ach, go hachomair, is mian linn na nithe tábhachtach seo a leanas a chur i gcuimhne do Theachtaí atá ag dul as oifig agus do Sheanadóirí is iarrthóirí:

**Saoráidí Theach Laighean a úsáid tar éis an lánscoir agus na muirir chuí ina leith sin**

- Féadfaidh Teachtaí atá ag dul as oifig na seirbhísí agus na saoráidí a mhaoinítear as cistí poiblí agus a sholáthraíonn Coimisiún Thithe an Oireachtais a úsáid sa tréimhse tar éis lánscor Dháil Éireann suas go dtí lá na vótaíochta chun freastal ar a ndualgais mar ionadaithe poiblí, amhail déileáil le cásobair leanúnach dáilcheantair. Ní bheidh aon mhuirear ann maidir le húsáid den sórt sin.

- I gcás go ndéanfaidh Teachtaí atá ag dul as oifig agus Seanadóirí is iarrthóirí seirbhísí agus saoráidí a mhaoinítear as cistí poiblí a úsáid seachas i leith a ndualgas mar ionadaithe poiblí sa tréimhse tar éis lánscor Dháil Éireann suas go dtí lá na vótaíochta, íocfaidh siad an muirear cuí as an úsáid sin de réir mar atá sonraithe ag Coimisiún an Oireachtais.

Tá na treoirlínte agus na muirir i leith na húsáide sin le fáil i Roinn F, leathanaigh 19 – 23, de na Treoirlínte. Tá an sceideal muirear le fáil ar leathanaigh 22 agus 23, agus tá an dearbhú iomchuí atá le comhlánú ag gach Comhalta i gceangal leis seo mar Aguisín (leathanaigh 27 agus 28).

**Tuarastal agus Liúntais**

- Maidir le tuarastal agus liúntais do Theachtaí, scoirfear díobh ar dháta an lánscoir.

- Déanfar íocaíocht atá comhionann le haon ochtódú de thuarastal bliantúil Teachta a íoc le gach Teachta.

- Scoirfear den Liúntas Taistil agus Cóiríochta agus den Liúntas Ionadaíochta Poiblí agus déanfaidh an Siopa Ilfheidhme an líon laethanta freastail in iúl do gach Teachta, chomh maith leis na foirmeacha deimhniúcháin atá le comhlánú a sholáthar dóibh.

- Féadfaidh Teachta atá ag dul as oifig costais taistil a éileamh i ndáil le turas amháin ó Theach Laighean chuig a d(h)áilcheantar nó chuid a t(h)each cónaithe tar éis lánscor na Dála.

- Tá faisnéis faoi íocaíochtaí foirceanta, faoi phinsin etc ar fáil i Roinn A, leathanach 4, de na Treoirlínte.

- Leantar de thuarastal a íoc le Seanadóirí sa ghnáthshlí.

**Mórláthair Theach Laighean**

- Fanfaidh Mórláthair Theach Laighean ar oscailt ó 7.30 a.m. go 10.00 p.m., Luan go hAoine, do Sheanadóirí agus chun soláthar seirbhísí agus saoráidí do Theachtaí de chuid an 31ú Dáil atá ag dul as oifig a éascú de réir na dtreoirlínte a ghlac Coimisiún Thithe an Oireachtais ar an 24 Samhain 2015.

- Cuirtear i gcuimhne do Theachtaí atá ag dul as oifig agus do Sheanadóirí is iarrthóirí nach ceart feathail/ábhar a bhaineann leis an Olltoghchán a chur ar taispeáint i maighne Theach Laighean le linn na tréimhse idir an lánscor agus an lá vótaíochta.

- Beidh Beár na gComhaltaí agus Beáir na gCuairteoirí á n-oibriú de réir mar is gnáth. Scoirfear de shocruithe creidmheasa do Theachtaí Dála tráth an lánscoir. Eiseofar ráiteas deiridh chuig Comhaltaí agus ní mór iarmhéideanna gan íoc a íoc laistigh de 30 lá.

**Saoráidí Poist agus Stáiseanóireachta**

- Scoirfear de shaoráidí Poist agus Stáiseanóireachta ar 7 p.m. ar dháta an lánscoir. Ní mór do Theachtaí aon chlúdaigh réamhíoctha Oireachtais atá dlite dóibh a bhailiú faoin am sin.

- Féadfaidh Seanadóirí leanúint de chlúdaigh a bhailiú. Ach ní mór aon úsáid a bhaintear as na clúdaigh sin chun críoch seachas i leith a ndualgas mar ionadaí poiblí (e.g. úsáid ag Seanadóirí ar iarrthóirí iad sna toghcháin Dála) a dhearbhú agus a dheimhniú do Choimisiún Thithe an Oireachtais agus aisíocaíocht a thabhairt i gcomhréir leis an sceideal muirear atá ann sna Treoirlínte atá i gceangal leis seo.

- De réir an dlí, ní cheadaítear clúdaigh réamhíoctha arna soláthar ag an Oireachtas a thabhairt do dhuine/d'eagraíocht eile.

**Saoráidí Priontála**

- Cuirfidh an tSaoráid Phriontála deireadh le gnáthoibríochtaí do Theachtaí ar 7 p.m. ar lá an lánscoir, seachas i leith socruithe maidir le bailiú míreanna oibre priontála atá le bailiú fós ag Teachtaí atá ag dul as oifig. Le héifeacht ó dháta an lánscoir, ní ghlacfar le haon obair nua ó Theachtaí, is cuma cé acu priontáil inmheánach nó priontáil eisfhoinsithe atá i gceist.

- Ciallaíonn míreanna oibre priontála míreanna oibre atá faighte ag an tSaoráid Phriontála agus (cibé acu obair eisfhoinsithe nó obair inmheánach atá i gceist) agus a bhfuil tús curtha leo cheana féin agus ar féidir iad a chríochnú (i.e. priontáilte agus bailchríoch curtha orthu) laistigh de na 24 huaire an chloig ina dhiaidh sin (i.e. 7 p.m. ar an lá tar éis lá an lánscoir). Ina theannta sin, féadfaidh Teachtaí atá ag dul as oifig míreanna oibre atá priontáilte cheana féin ach nár cuireadh bailchríoch orthu a bhailiú (e.g. míreanna oibre atá priontáilte ach nár filleadh iad). Seachas sin, ní chríochnófar míreanna oibre a gheofar roimh an lánscor. Ní fhéadfaidh Teachtaí atá ag dul as oifig aon mhíreanna oibre a bhailiú ón tsaoráid tráth is déanaí ná 7 p.m. ar an á tar éis an lánscoir.

**Saoráidí TFC**

- Beidh Teachtaí atá ag dul as oifig in ann a dtrealamh agus a saoráidí TF a choimeád ar fud thréimhse an toghcháin ach sin faoi réir na muirear a sonraítear ar leathanaigh 22 agus 23.

- I gcás Comhaltaí atá ag dul ar scor nó nach dtoghtar arís sa toghchán, ní bheidh siad in ann a PC-anna, a ríomhairí glúine etc, a cheannach. Tá tuilleadh mionsonraí le fáil i Roinn C, leathanach 11, de na Treoirlínte.

**Nithe a bhaineann le Cosaint Sonraí**

Cuirtear i gcuimhne do Chomhaltaí go bhfuil oibleagáidí áirithe orthu maidir le cosaint sonraí. Go háirithe, cuirtear i gcuimhne do Chomhaltaí nach bhféadfaidh siad sonraí pearsanta a úsáid ach amháin chun na críche ar ina leith a solathraíodh iad, agus nach bhféadfaidh siad sonraí pearsanta a bailíodh le linn a dtréimhse comhaltais a aistriú chuig aon tríú páirtí. Soláthraítear treoir níos mionsonraithe i Roinn C.5, leathanaigh 11 – 14, de na Treoirlínte.

**Muirir Theileafóin**

- Maidir le Teachtaí atá ag dul as oifig agus ar mian leo a gcuid glaonna a chur ar aghaidh ó Theach Laighean chuig uimhir eile le linn thréimhse an lánscoir, ní mór dóibh iarratas a

dhéanamh i scríbhinn chuig an mBainisteoir TFC nó le teachtaireacht ríomhphoist chuig telecoms@oir.ie. Déanfar muirear i leith chur ar aghaidh glaonna a ghearradh de réir na rátaí a íocann Seirbhís Thithe an Oireachtais. Aon Chomhalta ar mian leis/léi a c(h)uid línte teileafóin nó facs a chur faoi ghlas (chun muirir a éiríonn as úsáid neamhúdaraithe a sheachaint), is ceart dóibh a iarraidh ar an Aonad TFC iad a chur faoi ghlas trí theachtaireacht ríomhphoist ina leith sin a chur chuig telecoms@oir.ie.

**Foireann Rúnaíochta**

- Leanfar de dhaoine foirne atá ar fostú faoin Scéim Cúnaimh Rúnaíochta – i.e. Riarthóirí, Cúntóirí Riaracháin, Cúntóirí Parlaiminte agus Cúntóirí Rúnaíochta – a íoc tar éis lánscor na Dála suas go dtí lá na vótaíochta. Ach ní íocfar daoine foirne as ragobair ós rud é nach mbeidh an oiread céanna gníomhaíochta parlaimintí ann.

- Beidh tréimhse sé seachtaine ag daoine foirne de chuid Teachtaí atá ag dul as oifig chun conradh sa Dáil nua a fháil. Tarlóidh deireadh na tréimhse sé seachtaine sin i gcomhthráth leis an spriocdháta i gcomhair Pacáiste Luathscoir Shaorálaigh (VER).

- **Ní mór do gach Comhalta agus do gach Páirtí conradh nua a dhéanamh le gach duine dá bhfoireann tar éis toghcháin, lena n-áirítear nuair a bhíonn daoine foirne a bhí fostaithe acu roimhe sin i rith téarma Dála/Seanaid roimhe sin a athfhostú. I gcás na gconarthaí go léir, agus gan aon eisceacht, ní mór do Chomhaltaí agus do Pháirtithe úsáid a bhaint as an gconradh teimpléadach reatha arna sholáthar do Riarthóirí Páirtí ag an Aonad Acmhainní Daonna do Chomhaltaí.**

- Féadfar daoine foirne atá ar fostú ag Teachtaí agus ag Airí faoin Liúntas Rúnaíochta mar fhostaithe sealadacha deimhnithe a íoc suas go dtí an lá a lánscoirtear an Dáil agus an lá sin san áireamh. Ós rud é nach bhfuil na daoine foirne sin ar fostú faoin Scéim Cúnaimh Rúnaíochta, ní cháileoidh siad i gcomhair aon íocaíochtaí faoin bpacáiste VER. Ach, rachaidh an tSeirbhís i dteagmháil le Comhaltaí maidir le aon teidlíochtaí reachtúla a bhféadfadh feidhm a bheith acu maidir le fostaithe den sórt sin.

**An tSeirbhís Leabharlainne agus Taighde**

- Beidh foireann ar dualgas sa Seomra Léitheoireachta ó 9.15 a.m. – 6 p.m. (5.30 p.m. ar an Aoine) le linn thréimhse an lánscoir.

- Beidh rochtain fós ag Teachtaí atá ag dul as oifig ar na bailiúcháin nuachtán, ábhar clóite agus ábhar leictreonach tríd an Seomra Léitheoireachta agus trí leathanaigh inlín SLagusT.

- Ní bheidh aon seirbhís iasachta (lena n-áirítear iasachtaí idirleabharlainne), tagartha ná taighde ann do Theachtaí atá ag dul as oifig. Ní mór aon fhoilseacháin atá ar iasacht faoi láthair ó SLagusT ag Teachtaí atá ag dul as oifig, nó atá faighte ar iasacht thar a gceann, a thabhairt ar ais faoi 6 pm ar lá an lánscoir.

**Beartas cóiríochta – spriocanna ama maidir himeacht as seomraí**

Tá an Coimisiún tar éis a chomhaontú go bhfuil sé réasúnach a bheith ag súil gur ceart oifig a bheith leithroinnte chuig gach Comhalta faoin gcéad suí den Teach lena mbaineann tar éis na nOlltoghchán agus, dá réir sin, tá na spriocanna ama seo a leanas ceadaithe ag an gCoimisiún i ndáil le fágáil chríochnaitheach oifigí:

- Comhalta atá ag dul ar scor – 1 seachtain tar éis lá na vótaíochta
- Comhalta nach dtoghtar arís – 2 sheachtain tar éis lá na vótaíochta (*Nóta – tá feidhm ag an sprioc ama seo freisin maidir le Comhaltaí nár toghadh don Dáil agus atá san iomaidh sna toghcháin Seanaid).*

Déanfaidh Oifig an Mhaoirseora gnóthaí Comhaltaí a éascú trí bhoscaí pacála a sholáthar agus, ina theannta sin, soláthrófar comhairle maidir le suíomh agus costas stórála ar shiúl ón láithreán, más gá sin chun na spriocanna ama thuas a bhaint amach.

**<u>Daoine teagmhála le haghaidh tuilleadh cúnaimh</u>**

Mar fhocal scoir, chun cabhrú le Teachtaí atá ag dul as oifig agus le Seanadóirí is iarrthóirí beidh foireann na Seirbhíse ar fáil ar fud thréimhse an lánscoir chun comhairle a sholáthar agus ceisteanna a fhreagairt i ndáil le liúntais agus saoráidí. Tá liosta de theagmhálacha foirne do na réimsí éagsúla le fáil sna Treoirlínte.

Tá na Treoirlínte seo ar fáil i nGaeilge ach sin a iarraidh.

Peter Finnegan
Comh-Ardrúnaí Gníomhach

Michael Errity
Comh-Ardrúnaí Gníomhach